| | |
|---|---|
| Oifig um Cheapacháin | **01-6662362** |
| Coscairí Coireanna | **1800-250 025** |
| Líne Rúnda an Gharda | **1800-666111** |
| An Oifig Náisiúnta um Chosc na Coireachta | **01-6663669** |
| Crime Victims Helpline | **116006** |

**www.garda.ie**

# Cairt na nGardaí

*'Ag obair lenár bpobail'*

*Ag obair le Pobail chun iad a chosaint agus chun freastal orthu*

**www.garda.ie**

# *‘Ag obair lenár bpobail’*

## 1. Ár luachanna – Ionracas, Freagracht, Meas & Proifisiúntacht

Tabhairfaimid meas agus dínit duit gach uair a dhéanann tú teagmháil linn, is cuma conas, cén áit nó cén fáth a dhéantar an teagmháil sin. Iompróidh muid féin go proifisiúnta, go cothrom, go oscailte agus le hionracas le daoine den phobal, ag glacadh dualgais phearsanta agus ag cinntiú cuntasacht phoiblí.

## 2. Ag tabhairt an t-eolas is déanaí d’íospartaigh

Má tá tú i d’íospartach coireachta, tabhairfaimid eolas maidir le dul chun cinn agus thorthaí do cháis duit. Maidir le iniúchtaí leanúnacha, tabhairfaimid eolas duit go dtí deireadh do cháis agus le do chead, cuirfimid tú i dteagmháil le heagraíocht thacaíocht d’íospartaigh cuí.

## 3. Ag Eagrú Cruinnithe Poiblí

I bpairtíocht leis na Comhchoistí Póilíneachta agus na Fóraim Phóilíneachta Áitiúla, eagróidh muid cruinnithe poiblí chun do thosaíochta a aontú, aghaidh a thabairt ar chúraim áitiúla eolas maidir le dul chun cinn póilíneachta gur féidir teacht i bhfeidhm ar do shlándáil nó do cháilíocht bheatha.

## 4. Tosaíochta Áitiúla

Trí structúr na gComhchoistí Póilíneachta agus na bhFóram Póilíneacht Áitiúil, tabhairfaimid aird speisialta ar thosaíochta agus riachtanais na bpobal áitiúil agus déanfaimid dianiarracht na háiteanna seo a dhéanamh níos sábhailte chun máireachtáil iontu, chun cuairt a dhéanamh orthu agus chun obair a dhéanamh iontu. Tabhairfaimid eolas ar nuashonraithe agus dul chun cinn do thosaíochta, chomh maith le ceisteanna a bhaineann le póilíneacht áitiúil.

## 5. Freagairt glaoigh 999

Deanfaimid iarracht ár sprioc de 80% de ghlaoigh 999 a fhreagairt laistigh de 7 soicind a choinneáil agus acmhainní a imscaradh ar an bpointe agus am rochtana a thabhairt.



## 6. Amanna Freagartha

Déanfaimid gach beart is cuí chun dul i ngleic le gach eachtra agus cinntiú go dtabhfear tosaíocht do ghach glaoch éigeandáil agus glaoch a bhaineann le cúrsaí atá bagrach don bheatha. Déanfaimid ár ndícheall tú a shroichint laistigh de 15 nóiméad in áiteanna uirbeacha agus chomh tapa agus is féidir, ag braith ar an bhfad atá le taistil, in áiteanna tuaithe.

## 7. Póilíneacht Phobail

Táimid tiomanta do bheith ag leanúint ar aghaidh den obair díogaiseach in éineacht le baill den phobal, agus comhlachtaí reachtúla agus deonacha chun cosc a chur ar choiriúlacht agus iompar frithshóisialta, faitíos roimh choireanna a laghdú, fadhbréiteach idir-ghníomhaireacht a chur chun cinn, ciontóirí a ghabháil agus cáilíocht bheatha iomlán a fheabhsú i do phobal.

## 8. Infheictheacht

Sannfar obair réamhghníomhach i do Phobal agus athdhearbhú a thabhairt dár nGardaí Pobail trína láithreacht infheicthe.

## 9. Pobail Éagsúla

Déanfaimid cinnte go bhfreastlóidh ár seirbhísí ar riachtanais gach duine beag beann ar inscne, stádas pósta, stádas teaghlaigh, aois, reiligiún, míchumas, claonadh gnéasach nó ballraíocht den Lucht Siúil.

## 10. Sástacht Custaiméirí

Mura bhfuil tú sásta lenár seirbhís nó má tá ceist, aiseolas nó moladh ar bith agat maidir le d’úsáid ag baill den Gharda Síochána, ná bíodh drogall ar bith agat dul i dteagmháil linn le do thoil (féach thall maidir le do chuid sonraí teagmhála áitiúla). Tá sonraí ar fáil freisin ar líne ag www.garda.ie nó sna leathanaigh ghlas den eolaire teileafóin.

Tabhairfaimid freagra do do cheist chomh tapa agus is féidir.

Chomh maith leis sin, is féidir leat gearán a dhéanamh do:
Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána,
150 Sráid na Mainistreach Uachtarach, Baile Átha Cliath 1.

**Íosghlao:** 1890-600800 **Fón:** (01) 8716727 **Fasc:** (01) 8147023
**Rphost:** info@gsoc.ie **Suíomh Idirlín:** www.gardaombudsman.ie

*Ag obair le Pobail chun iad a chosaint agus chun freastal orthu*